Fócasghrúpa Folláine- Treoir d'Fhoireann na Scoile

Próiseas comhoibríoch, athmhachnamhach d'athbhreithniú inmheánach scoile is ea féinmheastóireacht scoile (FMS), atá dírithe ar fheabhsú scoile. Soláthraíonn fócasghrúpaí bealach amháin d'fhoireann na scoile chun faisnéis a bhailiú ó ghrúpa daoine maidir lena dtaithí agus a dtuairimí ar féidir é a úsáid sa phróiseas seo. Is féidir an fhaisnéis a bhailítear a úsáid chun réimsí de chleachtas éifeachtach atá ann cheana a shainaithint chomh maith le réimsí atá le feabhsú.

Cad is fócasghrúpa ann?

Is uirlis chruinnithe faisnéise é fócasghrúpa ina mbíonn plé fócasaithe ar thopaic áirithe ag grúpa roghnaithe de 6-12 dhuine. Treoraíonn ball d'fhoireann na scoile atá ag feidhmiú mar éascaitheoir an díospóireacht sin agus cuireann sé nó sí suas le 12 cheist. Maireann an plé ar feadh 40-80 nóiméad. Cláraíonn coimeádaí taifead saincheisteanna agus tuairimí a nochtar. Ba chóir go gcloífí le polasaí na scoile maidir le cosaint sonraí agus plé á thaifeadadh. Go ginearálta, tagann fócasghrúpaí le chéile uair amháin.

Cén fáth a n-úsáidtear iad?

- D'fhonn smaointe/tuairimí a fháil ó ghrúpa roghnaithe daoine agus/nó chun faisnéis a bhailítear ó fhoinsí eile a fhorlíonadh e.g. ceistneoirí
- D'fhonn saincheisteanna ábhartha a thuiscint ó thaobh na bpáirtithe leasmhara éagsúla (e.g. tuismitheoirí, foireann scoile, daltaí)
- A bheith 'ceangailte' leis na páirtithe leasmhara éagsúla ag cinntiú go n-éistear lena gcuid tuairimí
- Eolas saibhir cáilíochtúil a thabhairt ar thopaic i dtréimhse réasúnta ghearr
- Chun gníomhaíochtaí amach anseo a threorú

Cén uair ba cheart fócasghrúpaí a úsáid?

- Chun éisteacht agus iniúchadh a dhéanamh ar ghuth na foirne, na dtuismitheoirí/caomhnóirí agus na leanaí agus na ndaoine óga maidir leis na ceithre phríomhréimse a bhaineann le folláine a chur chun cinn
    - Cultúr agus éiteas
    - Curaclam - teagasc agus foghlaim
    - Polasaí agus pleanáil
    - Caidreamh agus comhpháirtíocht
- Chun eolas níos mionsonraithe a bhailiú ar baol a chailleadh i gceistiúcháin nó in uirlisí eile bailithe faisnéise a úsáidtear

Nithe le breithniú agus fócasghrúpa á phleanáil

- Is féidir rannpháirtithe a shainaithint agus cuireadh a thabhairt dóibh nó páirt a ghlacadh iontu dá ndeoin féin
- Ba chóir go mbeadh na rannpháirtithe ionadaíoch don spriocghrúpa
- Ní mór dáta agus am an fhócasghrúpa a chinneadh agus na rannpháirtithe nó na hoibrithe deonacha a chur ar an eolas faoin tiomantas ama atá i gceist agus faoi shainfhócas an phlé
- Ba chóir machnamh a dhéanamh ar an gcothromaíocht cumhachta sa ghrúpa e.g. dá gcuirfí agallamh ar lucht bainistíochta in éineacht le baill foirne nó daltaí d'aoiseanna éagsúla, d'fhéadfaí go gcuirfí bac ar chomhroinnt tuairimí ar bhonn macánta ar an gcaoi sin
- Beidh taithí ag teastáil ón éascaitheoir ar éascú grúpaí agus a bheith eolach ar Ráiteas Beartais Folláine na Roinne agus ar an gCreat don chleachtas
- Tá an t-éascaitheoir freagrach as comhthéacs sábháilte a bhunú do bhaill an fhócasghrúpa trí bhunrialacha a chomhaontú do phróiseas an ghrúpa agus a chinntiú go gcloítear leis na bunrialacha sin
- Ní mór don éascaitheoir an chiall a bhaineann le rúndacht a bhunú leis an ngrúpa agus na teorainneacha agus na hoibleagáidí tuairiscithe faoi Threoirlínte Tús Áite do Leanaí agus na Roinne Oideachais á lua

- Ba chóir do rannpháirtithe san fhócasghrúpa a bheith compordach lena chéile ionas go mbeidh plé éasca ann

Ceisteanna a Phleanáil agus a Ullmhú

1. Ceap na ceisteanna roimh ré, ceisteanna a bhaineann le príomhbhaill foirne agus bainistíochta.
   Ba chóir na ceisteanna a bheith:
   - Gearr agus ábhartha
   - Oscailte nó úsáid a bhaint as formáid comhlánaithe abairte agus focail a bheith roghnaithe go cúramach chun freagraí dúnta sea/ní hea a sheachaint
2. Ba chóir go ndíreofaí ceisteanna ar réimsí roghnaithe de chur chun cinn folláine a leagtar béim orthu sna ceistneoirí a bhfuil tuilleadh iniúchta le déanamh orthu. Is iad a leanas na ceithre phríomhréimse:
   - Cultúr agus éiteas
   - Curaclam (teagasc agus foghlaim)
   - Polasaí agus pleanáil
   - Caidreamh agus comhpháirtíocht

Sampla

Chinn foireann Naomh Muire aghaidh a thabhairt ar na nithe atá ag obair go maith agus ar réimsí ar gá aird a thabhairt orthu i réimse an Chultúir agus an Chomhshaoil. Ar chuid de na ceisteanna a cuireadh i bhfócasghrúpa do thuismitheoirí bhí:

- Tosóimid le 'babhta' agus iarrfaidh mé oraibh an abairt a leanas a chomhlánú: *Mothaím go bhfuil fáilte romham sa scoil nuair……*
- Tar éis éisteacht le tuairimí daoine an féidir leat bealaí eile a chur in iúl dom ina mbíonn an scoil ag cur fáilte roimh thuismitheoirí?
- Cad iad na gníomhaíochtaí scoile uile a nglacann tú páirt iontu?
- An bhfuil bealaí ann a bhféadfadh an scoil a bheith níos fáiltiúla do thuismitheoirí? An bhfuil aon smaointe agat féin lena gcomhroinnt?

Conas an fócasghrúpa a reáchtáil?

An t-éascaitheoir:

- Gabhann sé nó sí buíochas le gach duine as a bheith rannpháirteach
- Leagann sé nó sí amach an t-am atá ag teastáil (idir 40 agus 80 nóiméad de ghnáth)
- Déanann sé nó sí athbhreithniú ar an gcuspóir chun gach duine a thabhairt le chéile agus ar struchtúr an chruinnithe
- Comhaontaíonn sé nó sí bunrialacha i gcomhar leis na rannpháirtithe. Sa phróiseas sin is féidir, mar shampla, a fhiafraí de bhaill an ghrúpa cé na bunrialacha ba chóir a chur san áireamh. Tá sé tábhachtach a chinntiú go dtugtar breac-chuntas ar na teorainneacha maidir le rúndacht, béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le gan ach duine amháin a bheith ag labhairt ag aon am amháin, meas a léiriú ar thuairimí dhaoine eile agus meabhrú do na rannpháirtithe go bhfáiltítear roimh gach tuairim agus go bhféadfadh tuairimí éagsúla a bheith sna grúpaí agus go bhfáiltítear roimhe sin
- Má dhéantar bunrialacha a thaifeadadh ar smeach-chairt féadfaidh sé meabhrúchán físe a chur ar fáil a thacaíonn le próiseas sábháilte grúpa le linn an tseisiúin
- Comhroinntear faisnéis ar ról an éascaitheora, mar shampla, chun tuairimí a fháil, chun a chinntiú go reáchtálfar na seisiúin go réidh agus chun torthaí a thuairisciú a bheidh mar eolas chun na gníomhaíochtaí bunaithe ar scoil a threorú.

- Cuireann sé nó sí na ceisteanna atá beartaithe agus leathnaíonn sé nó sí más gá ar na ceisteanna sin chun cabhrú leis an bplé leanúint ar aghaidh go réidh.
- B'fhéidir go mbeadh sé ina chuidiú ag na rannpháirtithe a machnamh a dhéanamh ar a gcuid smaointe féin agus iad a bhreacadh síos roimh ré sula bpléifear smaointe i mbeirteanna agus ansin sa ghrúpa mór.
- Bain úsáid as sosanna agus treoracha nuair is gá, mar shampla: sos cúig shoicind agus leideanna amhail *"An bhféadfá sin a mhíniú a thuilleadh*?", "*Ar mhaith leat sampla a thabhairt dom?", "Níl mé cinnte go dtuigim i gceart thú, an féidir leat a mhíniú a thuilleadh?"*
- D'fhéadfaí teimpléad a chur ar fáil chun aiseolas aonair/beirte/grúpa a thaifeadadh d'fhonn cabhrú le baill a gcuid smaointe a chur in iúl i bhfoirm scríofa seachas a bheith ag labhairt amach i ngrúpa mór
- Achoimre a dhéanamh ar a bhfuil ráite, seiceáil le rannpháirtithe maidir le cruinneas agus tuiscint más gá
- Seiceálann sé/sí leis an duine atá ag taifeadadh an phlé ó am go chéile lena chinntiú gur taifeadadh na príomhphointí
- Cinntíonn sé nó sí go mbíonn deis ag gach duine sa ghrúpa labhairt, go bhfuil guth gach duine le cloisteáil agus nach mbíonn aon ghuth nó aon dearcadh amháin i gceannas ar an bplé. Fiafraíonn sé nó sí an bhfuil aon tuairimí ginearálta le déanamh ag aon duine sula dtugtar an cruinniú chun críche
- Gabhann sé/sí buíochas leis an ngrúpa as a bheith rannpháirteach

Tar éis an chruinnithe

Le tacaíocht ón té a bhí ag taifeadadh, déan iniúchadh ar an méid a leanas:

- Cad iad na patrúin atá ag teacht chun cinn?
- Cad iad na téamaí coitianta?
- Cad iad na ceisteanna nua atá ag teacht chun cinn?
- Cad iad na conclúidí ar féidir linn teacht orthu?
- Cad iad na gníomhaíochtaí is féidir a dhéanamh chun folláine a chur chun cinn a thuilleadh

Moltar go ndéanfaidh ball foirne eile athbhreithniú neamhspleách ar an taifead a rinneadh chun claontacht sa léirmhíniú a chosc.

Is féidir an fháisnéis a úsáid mar eolas don **Phlean Feabhsaithe Scoile** agus chun gníomhaíochtaí a aontú maidir le feabhsuithe a dhéanamh ar chúrsaí folláine trí aghaidh a thabhairt ar na ceithre phríomhcheist den Fhéinmheastóireacht Scoile, *Cé chomh maith is atá ag éirí linn? Cad iad na láidreachtaí atá againn? Cad iad na réimsí atá le feabhsú againn? Conas is féidir linn feabhsú?*